BAILE ÁTHA CLIATH, ÉIRE
CRUINNIÚ DOMHANDA na dTEAGHLACH
21-26 LÚNASA 2018

# Scoileanna Caitliceacha: Iarraidh ar Chomhluadar na dTeaghlach

## Acmhainní don Tionól Scoile

Is tábhachtach an rud é an tionól i saol na scoile. Tugtar deis do phobal na scoile cruinniú le chéile, eolas a roinnt, ceiliúradh agus urnaí a dhéanamh.

Agus muid ag ullmhú do Chruinniú Domhanda na dTeaghlach, déanaimis machnamh air, go dtugtar cuireadh dúinn a bheith mar chomhluadar na dteaghlach. Tugann an tionól scoile spreagadh dúinn smaoineamh ar an teaghlach scoile – na múinteoirí, na tuismitheoirí, daltaí na scoile, an fhoireann tacaíochta, na seantuismitheoirí, na feighlithe leanaí, gobharnóirí na scoile, an pobal níos leithne atá mar theaghlach an pharóiste, na naíscoileanna, teiripeoirí agus na comhairleoirí a thagann chun na scoile le cabhrú leis na mic léinn.

Nuair a bhíonn an tionól scoile á reáchtáil, bíodh a leithéidí seo i gceist agaibh:

- Am a chaitheamh ar ullmhúchán ceart a dhéanamh, agus spásanna beannaithe a chruthú a bheadh maisithe le saothair ealaíne agus paidreacha na mac léinn.
- Smaoineamh maith a bheadh ann tionól a reáchtáil sa séipéal, rud a thabharfadh deis do na daoine óga a bheith páirteach i liotúirge na hEaglaise.
- Tabhair cuireadh do dhaoine eile a bheith páirteach libh sa cheiliúradh: foireann na bialanna, bustiománaithe, gobharnóirí na scoile, na feighlithe leanaí, baill chomhairle thréadach an pharóiste. Beidh tuiscint agus meas ag na mic léinn ar theaghlach leathan an pharóiste dá bharr.



# Tráth 1: **Teaghlaigh an Dóchais**

## Má bhímid oscailte don Chreideamh déanfaidh Dia an chuid eile

**Seicliosta**

**Sa Spás Beannaithe Bíodh:**

- Balla Urnaí (Post-It)
- Coinneal na Cásca (Mór)
- Bíobla
- 4 choinneal ainmnithe: Creideamh/Grá/Lúcháir/Dóchas
- Lastóir
- Fáideoga leis na coinnle a lasadh

**Pobal**

- Ceannaire Urnaí
- Cúigear mac léinn a iompróidh an Bíobla agus 4 choinneal: Creideamh/Grá/Lúcháir/Dóchas
- Ceathrar leis na paidreacha a rá agus na coinnle a lasadh
- Ministir an Bhriathair
- Cúigear a léifidh Guí an Phobail
- Ceoltóir le tionlacan a thabhairt don chór/amhránaithe

## Spás Beannaithe– Balla Urnaí

Tabhair cuireadh don uile bhall de phobal na scoile urnaí an dóchais a scríobh ar mhaithe lena mhuintir féin agus é a chur ar Post-It. Cuir balla urnaí le chéile bunaithe ar théama Chruinniú Domhanda na dTeaghlach, 'Soiscéal an Teaghlaigh: Lúcháir ar Domhan.'

Bain úsáid as póstaeir Chruinniú Domhanda na dTeaghlach le poiblíocht a dhéanamh ar an gcruinniú agus ar chuairt an Phápa. Croch ar an mballa urnaí iad.

**Ceannaire:** Tabhair cuireadh do chách seasamh agus an t-iomann iontrála a chanadh. Tugann na mic léinn an Bíobla agus na coinnle chuig an spás beannaithe ag an am céanna.

**Iomann Iontrála:**
*Críost liom.*

**Fáiltiú:**
I dtosach báire lasaimid Coinneal na Cásca le cur in iúl dúinn go bhfuil Dia inár dteannta. *Tamall ciúnais.*

Cruinnímid le chéile anseo inniu mar phobal na scoile le ceiliúradh a dhéanamh ar shaol an teaghlaigh agus le hurnaí a dhéanamh ar son ár muintir mhuirneach. Tugtar aire ghrámhar dúinn i measc an teaghlaigh, sin an áit is dual dúinn, sin an áit ina bhfoghlaimítear conas roinnt lena chéile agus meas ar chách a léiriú. Bíonn teaghlaigh den uile shórt ann. Is é an rud is tábhachtaí a bhaineann leo ná go léireoimis grá agus aire dá chéile sa bhaile. Tugann Dia ár nAthair grá dúinn nuair a léiríonn ár muintir féin grá dúinn.

Roinnimid inniu an dóchas atá ionainn maidir lenár dteaghlaigh, agus an fhís atá againn dár muintir féin agus do thodhchaí na dteaghlach ar fud an domhain.

Deir An Pápa Proinsias, sa litir Lúcháir an Ghrá (*Amoris Laetitia*, 88) gur gá go mbeadh gach dóchas againn, go mbeimis ag súil leis go dtiocfaidh feabhas ar an saol. Caithfimid a thuiscint nach mbeidh cúrsaí de réir ár dtoil i gcónaí, ach gur féidir le Dia ord a dhéanamh as an anord, agus maitheas a bhaint as an donas a léirítear thart timpeall orainn ar fud an domhain.

**An Chéad Phaidir:**
Paidir Oifigiúil Chruinniú Domhanda na dTeaghlach

**Gnás an Chruinnithe:**
*Bíonn ceithre choinneal neamhlasta sa spás urnaí. Cuirtear coinneal na Cásca/an choinneal mhór in áit shuntasach, agus lasfar na coinnle eile ón gceann sin.*

**Mac Léinn:** Cuirimid fáilte roimh chách a tháinig anseo leis an tseirbhís speisialta urnaí seo a roinnt linn. Cruinnímid lena chéile ionas gur féidir linn buíochas a ghabháil le Dia.

Ofrálaimid solas an dóchais. Bíodh an solas seo in bhur gcroí agaibh, agus roinnigí grá Dé i ngach a deir sibh agus i ngach gníomh a dhéanann sibh.

*Baineann dalta úsáid as fáideog leis an gcéad choinneal a lasadh ó choinneal na Cásca.*

**Tuismitheoir:** Ofrálaimid solas an ghrá. Beir leat solas an ghrá pé áit ina dtéann tú agus cuimhnigh air go mbeidh solas lasta de shíor le fáilte abhaile a chur romhat.

*Déanann tuismitheoir an dara choinneal a lasadh ó choinneal na Cásca.*

**Ball Fhoirne:** Ofrálaimid solas an lúcháir. Beir leat solas an lúcháir pé áit ar domhan ina mbíonn tú; bíodh sé le sonrú i measc ár ngaolta agus ár gcairde, bíodh sé le sonrú agus muid ag obair, ag freastal ar an duine eile, nuair a bhímid ag ligean scíth.

*Déanann ball fhoirne an tríú choinneal a lasadh ó choinneal na Cásca.*

**Paróisteach:** Ofrálaimid solas an chreidimh. Beirigí solas an chreidimh ar fud an domhain libh agus glac páirt mar bhaill den phobal Críostaí, mar sholas os comhair an tsaoil.

*Déanann paróisteach an cheathrú choinneal a lasadh ó choinneal na Cásca.*

**Machnamh Aithrí:**
**Ceannaire:** Deir Íosa: 'Ach is é a deirimse libh, duine ar bith a bhíonn i bhfeirg lena bhráthair, beidh air freagairt ann don bhreithiúnas.... má bhíonn tú ag tabhairt d'ofrála chun na haltóra agus go gcuimhneoidh tú ansin go bhfuil cúis ghearáin éigin ag do bhráthair ort...imigh leat ar dtús agus déan síocháin le do bhráthair, agus tar ansin ag déanamh na hofrála.' (Matha 5:23–6)

Más rud é gur ghortaíomar an duine eile i bhfocal nó i ngníomh, A Thiarna déan trócaire. *A Thiarna déan trócaire.*

Más rud é go ndearnamar neamhaird de dhuine agus gur mhothaíodar nach raibh aon mheas orthu dá bharr, A Chríost déan trócaire. *A Chríost déan trócaire.*

Más rud é go rabhamar feargach, do-mhaiteach, A Thiarna déan trócaire. *A Thiarna déan trócaire.*

**An Léacht:**
Sliocht as leabhar Irimia (31:3–4; 29:11–13)

Seo mar a deir an Tiarna: ghráigh mé thú le grá síoraí, ar an ábhar sin is dochaite mo ghean ort. Tógfaidh mé thú an athuair agus atógfar thú. An té a scaip Iosrael, cruinneoidh sé é, cumhdóidh sé é mar a dhéanann aoire a thréad. Óir tá fios mo smaointe agam in bhur dtaobh, smaointe síochána agus ní oilc, a thabhairt croí agus dóchais daoibh. Ansin nuair a ghlaofaidh sibh ormsa... éistfidh mé libh. Nuair a iarrfaidh sibh mé gheobhaidh sibh mé, nuair a iarrfaidh sibh mé le bhur gcroí go hiomlán. Sin é Briathar Dé. *Buíochas le Dia.*

**Fíorscéal**
*Tatúnna ar an gCroí* le Gréagóir Ó Baoill (Íosánach)

Le fiche bliain anuas tá clár darb ainm 'Homeboy Industries' á reáchtáil ag an Athair Gréagóir Ó Baoill SJ i gceantar Boyle Heights atá i Los Angeles, an áit is mó droinge ar domhan. Is clár idirghabhála i measc na ndronganna é. Sa leabhar *Tatúnna ar an gCroí*, déanann sé cur síos ar an taithí a bhain le bheith ag maireachtáil agus ag obair sa gheiteo. Tá scéalta greannmhara, truamhéalacha, spreagúla faoi mhuintir na háite ann. Sa mhír seo ón leabhar *Tatúnna ar an gCroí* cloisimid scéal Bhandit, é lán de ghrá agus de dhóchas.



**Scéal Bhandit**
Tháinig Bandit chugam cúig bliana déag ó shin. D'ainmnigh a chuig cairde i gceart é, bhí sé tugtha don uile rud a bhí mídhleathach. Bhí seilbh aige ar a dhúchas sa gheiteo, bhíodh sé ag díol chnagchócaon le tiománaithe i sráidbhaile Aliso. Chaith sé cuid mhaith ama i gcarcair, ní fhéadfaí cúnamh a thairiscint dó. An lá áirithe seo, cúig bliana déag ó shin, theip ar an mhisneach aige. Shuigh sé os mo chomhair san oifig, é tuirseach traochta den saol a bhí á chaitheamh aige. Chuir mé in aithne é do dhuine den cheathrar forbróir a bhí ag obair linn, agus ar ámharaí an tsaoil fuarthas post bunúsach i dtrádstóras dó. Obair neamhoilte a bhí ann, ar bheagán pá.

Cúig bliana déag ina dhiaidh sin chuir Bandit glao orm ag am scoir Dé hAoine. Is eisean bainisteoir an trádstórais faoin am seo, tá a theach féin ceannaithe aige, é pósta agus triúr clainne air. Ní raibh teagmháil ar bith agam leis le fada. Is maith an rud a leithéid nuair a bhíonn duine ag baint le baill na ndronganna. Tá saothar anála agus scaoll air.

'A Athair G, caithfidh tú m'iníon a bheannú.' 'An bhfuil sí i gceart?' a iarraim air. 'An bhfuil sí tinn, nó san ospidéal?'

'No, no,' a deir sé, 'Dé Domhnaigh seo chugainn beidh sí ag triall ar an gcoláiste den chéad uair. Is ise mo mhuirnín agus tá amhras orm faoin saol atá roimpi. Nach bhféadfá í a bheannú agus í ag cur chun bóthair?'

Rinne mé socrú leo go dtiocfaidís an lá dár gcionn chuig misean Dolores, áit ina mbeadh daoine á baisteadh agam ag a haon a chlog. Bhí Bandit, a bhean agus an triúr páiste, Carolina a bhí ag triall ar an gcoláiste ina measc ann ag 12.30. Sheasamar os comhair na haltóra, Carolina seasta i lár baill.

•••

Rinneamar ciorcal timpeall uirthi, agus dúirt mé leis na daoine eile lámh a leagadh ar a ceann, ar an ngualainn, na súile a dhúnadh agus an ceann a chromadh. Dúras 'paidir chapaill' mar a deir lucht na ndronganna, agus i bhfaiteadh na súl ní fhéadfaí cúl a choinneáil ar na deora.

Níl a fhios agam go díreach cén fáth a raibh deora lenár súile, ach amháin nach raibh aithne ag Bandit ná ag a bhean ar dhuine ar bith ar éirigh leo freastal ar choláiste riamh – seachas mé féin, is dócha. Ní dhearna aon duine dá muintir féin freastal ar choláiste riamh. Chuireamar deireadh leis an urnaí, agus rinneamar gáire faoi cé chomh maoithneach is a rabhamar. Ghlan mé mo shúile, chas chuig Carolina agus d'iarr uirthi, 'Cén ábhar a ghlacfaidh tú ag coláiste Humboldt?'

'An tsíceolaíocht fhóiréinseach,' ar sise ar an toirt. 'Wow! An tsíceolaíocht fhóiréinseach?'

'Yeah, ba mhaith léi staidéar a dhéanamh ar mheon an choirpigh,' arsa Bandit. Ciúnas.

Chas Carolina i dtreo Bhandit, agus shín sí méar ina threo i ngan fhios dó, cheapfá. Thug an uile dhuine faoi deara é agus phléascamar amach ag gáire. 'Yeah' arsa Bandit, 'Is mise an chéad ábhar scrúdaithe a bheidh aici.'

Rinneamar gáire agus sinn ag triall ar an gcarr. Isteach leis an gcuid eile acu, ach sheas Bandit siar nóiméad. 'An féidir liom rud amháin a rá leat a Mhac?' a d'iarr mé air, agus muid inár seasamh sa charrchlós. 'Tá an-mholadh tuillte agat as an saol a chruthaigh tú duit féin, agus táimse thar a bheith bródúil asat.'

'An bhfuil a fhios agat?' ar seisean, agus uisce lena shúile, 'Táim bródúil asam féin chomh maith. Ar feadh mo shaoil, bhí daoine ag tabhairt 'bueno para nada' (duine gan aon mhaith) orm. Is dócha gur thug mé le fios dóibh!' Is dócha gur thug.

Agus tuigeann an t-anam a luach.

(*Gréagóir Ó Baoill*, SJ, Tatúnna ar an gCroí: Cumhacht na hAtrua gan Teorainn, *Nua-Eabhrac: Free Press, 2010, l. 197*)

**Guí an Phobail:**

**Ceannaire:** Aontaímis lena chéile mar theaghlach, agus grá inár gcroí, ag iarraidh ar Dhia ár mianta a shásamh.

1. Guímid ar son na hEaglaise agus ar son Chruinniú Domhanda na dTeaghlach, gur tráth ceiliúrtha a bheidh ann, agus é mar lóchrainn an dóchais do theaghlaigh na cruinne. A Thiarna éist linn. A *Thiarna déan trócaire agus éist linn.*

2. A Dhia ghrámhar, is minic a chuireann na botúin a dhéanaimid isteach ar dhaoine eile, taobh istigh agus taobh amuigh den bhaile. Deonaigh go n-aithneoimid na lochtanna seo, gur féidir linn foghlaim fúthu, ionas gur féidir linn na lochtanna a leigheas. Cabhraigh linn maithiúnas a lorg uaitse agus ó dhaoine eile nuair is gá. Deonaigh go dtuigfimid go bhfuil tusa sásta i gcónaí, deis atosaithe a thabhairt dúinn. A Thiarna éist linn.
   *A Thiarna déan trócaire agus éist linn.*

3. A Dhia ghrámhar, is minic a bhímid ró-ghafa le cúrsaí an tsaoil agus nach n-aithnímid go bhfuil cabhair de dhíth ar ár muintir féin. Tabhair an grásta dúinn a bheith aireach faoi chabhrú nuair is gá, é a dhéanamh ar bhealach oiriúnach gan aon stró. A Thiarna éist linn.
   *A Thiarna déan trócaire agus éist linn.*

4. A Dhia ghrámhar, deonaigh go n-aithneoimid an grá i ngach aon ghníomh carthanach nó aireach, beag nó mór, agus go roinnimid le cách é. Cabhraigh linn a bheith comhbhách leis na teaghlaigh agus leo san atá coimhthithe óna muintir féin. A Thiarna éist linn.
   *A Thiarna déan trócaire agus éist linn.*

5. A Thiarna, déanaimid ár nguí ar son na ndaoine atá díshealbhaithe óna dtithe féin, ón teaghlach, óna gcuid talún. Cuir síocháin sa chroí iontu agus dóchas don todhchaí chomh maith. A Thiarna éist linn.
   *A Thiarna déan trócaire agus éist linn.*

6. A Thiarna, déanaimid ár nguí ar son ár muintir a fuair bás. Deonaigh go bhfaighimid sólás dóchasach ón tuiscint atá againn go n-athaontófar go síoraí lena chéile sinn i mbeatha nua in éineacht le Críost aiséirithe. Cuir do bheannacht orthu agus orainne go dtí go gcasfar lena chéile arís sinn. A Thiarna éist linn.
   *A Thiarna déan trócaire agus éist linn.*

**Ceannaire:** Tá a fhios againn go dtugann ár nAthair ar Neamh cluas le héisteacht dúinn.  Is féidir linn ár n-urnaí féin a dhéanamh chuige inár gcroí istigh.

*Tamall ciúnais.*

A Thiarna Dia, glac lenár nguí, agus tabhair freagra orainn de réir mar a oireann. Déanaimid ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna, Amen.

**Machnamh:**

## An Eagla Dhuibheagánach

Ní bhuailfeadh an eagla dhuibheagánach sinn toisc gur daoine uireasacha sinn.
Bheadh eagla dhuibheagánach orainn de bharr na cumhachta gan teorainn atá ionainn.
Is é an solas, agus ní an dorchadas an rud is mó a chuirfeadh eagla orainn.
Conas a tharlaíonn gur daoine áille, niamhracha, cumasacha, éirimiúla sinn?
Cén fáth nach mbeimis amhlaidh?

Is de chlann Dé sinn.
Ní aon chabhair é an 'beag is fiú' ionat féin a léiriú.
Ní rud tuisceanach é seasamh siar ionas gur féidir le daoine eile a bheith níos cinnte díobh féin.
Ba cheart dúinn bláthú, díreach mar a dhéanann an duine óg.

Cuireadh ar an saol sinn le glóir Dé ionainn a léiriú.
Ní bhaineann sé seo le cuid bheag againn – bíonn an ghlóir ionainne ar fad.
Nuair a ligimid dár solas féin lonrú amach ar domhan, tugaimid cead don saol iomlán an rud céanna a dhéanamh.
Má scaoiltear saor ó chuing na heagla sinn, cabhraímid dá bharr, leis an duine eile a shaoradh freisin.

(*Marianne Williamson*, Filleadh ar an nGrá: Machnamh faoi Phrionsabail Chúrsa na Míorúiltí)

**Paidir Scoir:**
A Thiarna, gabhaimid buíochas leat as na teaghlaigh lena mbainimid.
Cabhraigh linn meas agus buíochas a léiriú as an méid a bronnadh orainn.
Deonaigh go mbeidh dóchas i gcónaí againn asatsa,
agus muid ag fás le chéile i ngrá Dé. Amen.
Guímis lena chéile an phaidir a bhronn an Tiarna orainn: *Ár nAthair …*

**Iomann:**
*Bí 'Íosa im' Chroíse*